



Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Oifigeach Feidhmiúcháin, Rialachais

Maidir le hOifig an Rialaitheora Pleanála

Comhlacht neamhspleách maoirseachta is ea Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) a bhunaigh an Rialtas chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar chomhsheasmhacht beartais phróiseas pleanála na hÉireann chun torthaí ardchaighdeáin a chinntiú i ndáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.

Feidhmeanna an OPR

Bhunaigh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018 an bunús dlí don OPR agus tugann sé breac-chuntas ar a ról agus a feidhmeanna, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- measúnú ar phleananna forbartha contae/cathrach na n-údarás áitiúil agus pleananna limistéir áitiúil, agus straitéisí spáis agus eacnamaíocha tionól réigiúnach chun comhsheasmhacht le beartais ábhartha réigiúnacha nó náisiúnta a chinntiú;
- athbhreithnithe ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann aon údarás pleanála, lena n-áirítear An Bord Pleanála, agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna pleanála; agus
- cláir thaighde, oiliúna agus oideachais a thacaíonn le forbairt fhorásach phróiseas pleanála na hÉireann.

An Ról

Is príomhphost laistigh de Sheirbhísí Poiblí Oifig an Rialaitheora Pleanála é ról an Oifigeach Feidhmiúcháin Rialachais. Tuairisceoidh an t-iarrthóir rathúil chuig an mBainisteoir Airgeadais agus cuirfidh siad tacaíocht ar fáil i ngach réimse rialachais, eitice agus rialála ar nó tuairisciú tréimhsiúil, a chinntiú go gcuirtear creata eiticiúla i bhfeidhm go leanúnach, riarachán ar chomhlíontacht leis an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus coimeád ar an eolas maidir le forbairtí ábhartha sa rialachas corparáideach. Éilíonn an ról sárscileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an-aird ar mhionsonraí agus an cumas tascanna difriúla a dhéanamh ag an am céanna agus tosaíocht a thabhairt do thascanna mar is cuí.

Is é a bheidh i gceist leis an ról seo ná:

- bunachar sonraí comhlíontacht rialachais agus clár rioscaí Oifig an Rialaitheora Pleanála a chothabháil;
- tacú le hoibleagáidí tuairiscithe Oifig an Rialaitheora Pleanála chuig an Máthair-Roinn agus chuig comhlachtaí eile;
- tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Rioscaí Oifig an Rialaitheora Pleanála;
- tacaíocht a chur ar fáil i dtaobh déileáil le ceisteanna fostaithe maidir le rialachas agus eitice agus cumarsáid inmheánach chuig gach ball foirne a ullmhú;
- cabhrú le beartais, nósanna imeachta agus Cód Iompair a dhréachtú agus a nuashonrú;
- tacú le seisiúin eolais agus oiliúna le haghaidh baill foirne maidir le creata eiticiúla agus riachtanais, go cianda agus ar an láthair;

- tacú leis an mbainistíocht i ndéanamh iniúchóireachtaí inmheánacha agus seachtracha;
- cabhrú leis an mbainistíocht roinnt córais rialacháin lena n-airítear reachtaíocht maidir le Nochtuithe Cosanta a chur i bhfeidhm go tráthúil;
- d'fhéadfaí dualgais eile a shannadh ó am go ham.

Bunchritéir

Caithfidh na hiarrthóirí an méid seo a leanas a bheith acu nó a léiriú, ar nó roimh **14 Nollaig 2022**:

- tuiscint ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus ar chiorcláin ábhartha;
- eolas maith ar rialacháin reachtúla;
- an cumas úinéireacht a ghlacadh agus oibriú as a stuaim féin.
- an cumas fadhbanna a réiteach, anailís a dhéanamh agus eolas casta agus moltaí a léirmhíniú go cuí agus cur le cinntí.
- sárscileanna cumarsáide (idir scríofa agus labhartha) agus sárscileanna cur i láthair;
- sárscileanna bainistithe ama lena n-airítear an cumas líon ard spriocdhátaí a chomhlíonadh;
- taithí ar oibriú go neamhspleách, le híosmhéid feitheoireachta á dhéanamh orthu agus ar oibriú i dtimpeallacht chomhoibríoch dírithe ar fhoireann;
- sárscileanna idirphearsanta agus an cumas dea-chaidreamh oibre a bhunú le réimse leathan páirtithe leasmhara;

Tréithe inmhianaithe

- cáilíocht i réimse an rialachais, na comhlíontachta, an bhainistithe rioscaí, an rialacháin phoiblí, na hiniúchóireachta nó an dlí;
- taithí i ról dá leithéid, inar déileáladh le rialachas agus le heitic;
- cumas cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge.

Suíomh an phoist

Beidh an post lonnaithe in oifigí OPR i dTeach na Páirce, Baile Átha Cliath 7, ach tá sé i gceist go mbeidh cur cumaisc i bhfeidhm ina mbeidh meascán d'obair oifigbhunaithe agus d'obair ó bhaile.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Is chuig post buan sa Státseirbhís a dhéantar an ceapachán agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus aon Acht eile atá i bhfeidhm i láthair na huairé agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

Tionacht agus Promhadh

Ceapachán chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís is ea an ceapachán.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonrófar ar an gconradh. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh seo, ní choiscfidh sin síneadh a chur leis an gconradh promhaidh in imthosca iomchuí.

Le linn thréimhse do chonartha phromhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir/mhaoirseoirí chun a chinneadh cibé:

- (i) An bhfuil tú ag feidhmiú go sásúil,
- (ii) An raibh tú sásúil maidir le hiompar ginearálta, agus
- (iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de le haird ar leith maidir le saoire bhreiteachta.

Sula gcuirfean an Conradh Promhaidh i gcrích, déanfar cinneadh ar cé acu an gcoinneofar nó nach gcoinneofar tú de bhun Alt 5A(2) Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh Oifig an Rialaitheora Pleanála an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip de threoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe duit maidir le promhadh.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfaidh ceachtar taobh an Conradh Promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith sula rachaidh téarma an chonartha in éag de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

I gcúinsí áirithe féadfar síneadh a chur le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí an síneadh a chomhaontú.

- Seasann an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála
- Maidir le fostaí atá as láthair ar shaoire thuismitheoireachta nó ar shaoire cúramóirí, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith ag teacht le leanúint den phromhadh.
- Féadfar promhadh a chur ar fionraí i gcásanna amhail neamhláithreacht mar gheall ar bhreiteacht neamh-athfhillteach

Féadfaidh an fostaí, sna cúinsí seo, iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir ar shíneadh le tréimhse an chonartha. Beidh tréimhse phromhaidh bliana ag an té a cheapfar. Más státseirbhíseach ar seirbhís é ceapaí a mhainníonn na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh díreach roimh cheapadh ón gcomórtas seo é, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád ina raibh sé/sí sa Roinn ina raibh sé/sí roimhe seo.

Uaireanta freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dtéarmaí atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Clúdaíonn an ráta luach saothair iníoctha aon dliteanas freastail bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Scála Tuarastail

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2022). Grád Innealtóir I (PPC)

Oifigeach Feidhmiúcháin (RPP)

€33,149 - €35,014 - €36,067 - €38,122 - €39,964 - €41,745 - €43,521 - €45,259 - €47,015 - €48,722 - €50,482 - €51,659 - €53,336¹ - €55,026²

¹ After 3 years satisfactory service at the maximum.

² After 6 years satisfactory service at the maximum.

Tá feidhm ag ráta pá an PPC nuair a cheanglaítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar leis ranníocaíocht phríomhscéime) de réir rialacha a bpríomhscéime/a scéime aoisliúntais phearsanta. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht i leith ballraíochta i scéim Chéilí agus Leanaí, nó sna Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC).

Beidh ráta difriúil i gceist nuair nach gá don té a cheapfar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh go mbeadh incrimintí seirbhíse fada iníoctha tar éis 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

Nóta Tábhachtach

Déanfar iontráil ag an leibhéal íosta den scála agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh thú faoi láthair.

Faoi réir feidhmíochta sásúla, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó costas de réir Ciorcláin 07/2018: Aisghabháil Tuarastal, Liúntas agus Costas Ró-íocaíochtaí a dhéantar le Comhaltaí Foirne/Iar-Chomhaltaí Foirne/Pinsinéirí.

Saoire Bhliantúil

Chomh maith leis an gnáthlaethanta saoire poiblí, ís í an tsaoire bhliantúil don phost seo 23 lá oibre ag ardú go 24 lá i ndiaidh 5 bliana seirbhíse, 25 lá i ndiaidh 10 mbliana seirbhíse, 26 lá i ndiaidh 12 bhliain seirbhíse agus 27 lá i ndiaidh 14 bliana seirbhíse.

Saoire Bhreiteachta

Beidh pá le linn neamhláithreachta tinnis atá deimhnithe go cuí, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro rata, de réir fhorálacha na gclár saoire bhreiteachta.

Beidh ar oifigeach a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú a údaróidh don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an eagraíocht fostaithe. Beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir an t-oifigeach a dhéanann na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear don té a cheapfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais iomchuí a bheidh i réim sa tSeirbhís Phoiblí tráth a dtairgfear ceapachán dó nó di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do dhuine nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair'). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag: www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an té a cheapfar i bpost inphinsin (téarmaí neamh-Scéime Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó sa chás go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le/gan phá faoi láthair, féadfaidh téarmaí éagsúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht phinsin na gceapaithe seo i gcomhthéacs a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- go n-úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátaú gach bliain trí thagairt a dhéanamh don CPI);
- aois inphinsin - Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 faoi láthair;
- aois scoir - Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor agus iad 70 bliain d'aois;
- tá na méaduithe pinsin iar-scoir nasctha leis an CPI.

Laghdú Pinsin

- Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil sé/sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó más rud é go dtagann pinsean na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm le linn a (h) athfhostaíochta, **beidh an pinsean sin faoi réir laghdú** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair ar aird le do thoil: Agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, nuair is cuí. Ní mheastar go dtacóidh an Roinn/Oifig fhostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i ndáil le ceapacháin chuig an bpost seo.**
- Más rud é, áfach, go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air nó uirthi faoi shocrúithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte nó Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a áireamh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.

An Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir Múinteoirí

Ciorclán 102/2007

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir, cé is moite de na cásanna atá leagtha amach in ailt 10.2 agus 10.3 den cháipéisíocht chiorcláin ábhartha, agus taobh amuigh de na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é/í ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

Scor Easláinte (IHR)

Tabhair ar aird, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor ar chúinsí easláinte roimhe sin faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhu, ag céim an iarratais tosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu ón eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

Ceanglófar ar iarratasóirí freastal ar oifig an CMO chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an coinníoll a cháiligh iad don IHR á chur san áireamh.

Ceapachán tar éis scor easláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena (h)iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith feasach ar an méid seo a leanas:

1. Má mheastar iad a bheith feidhmiúil chun seirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus iad sannta do phost, scoirtear dá bpinsean easláinte Státseirbhíse.
2. Má theipeann ar an iarratasóir promhadh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí a p(h)ost sannta a fhágáil, ní féidir aon aisiompú a dhéanamh ar stádas IHR na Státseirbhíse, ná ar pinsean IHR na Státseirbhíse, a bhí ann roimh an iarratas, a athchur, agus níl teidlíocht ann dó.
3. Beidh an t-iarratasóir ina c(h)omhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é/í má bhí briseadh níos faide ná 26 seachtaine acu sa tseirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

Ceapachán tar éis scor easláinte ón tSeirbhís Phoiblí:

1. I gcás ina bhfuil duine éirithe as comhlacht Seirbhíse Poiblí, féadfar a p(h)insean easláinte as an bhfostaíocht sin a athbhreithniú de réir na rialacha maidir le scor easláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, tar éis dó/di a bheith ceaptha, beidh ar an iarratasóir a dhearbú cibé an bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí (easláinte nó eile) á fháil aige/aici agus d'fhéadfadh laghdú a bheith i gceist ar pinsean na Seirbhíse Poiblí.
3. Beidh an t-iarratasóir ina c(h)omhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é/í má bhí briseadh níos faide ná 26 seachtaine acu sa tSeirbhís Phoiblí/Státseirbhís inphinsin.

Tabhair ar aird go bhfuil eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a fhaigheann pinsean easláinte na Státseirbhíse nó na Seirbhíse Poiblí ar fáil ach é a iarraidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Fabhrú Pinsin

Bheadh teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo an phinsin sa chás go raibh duine ina chomhalta de níos mó ná Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí amháin atá ann cheana féin i bhfeidhm. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheaptar a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht Seirbhíse Poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán faoi réir an Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (ASC) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta;** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeán Iompair: Sicréid Oifigiúil agus Ionracas:

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon eolas rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdraithe le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse:

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí:

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, nuair is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

Faomhadh roimh ré d'Fhoilseacháin:

Comhaontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údraithe cuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn an téarma fostaíochta beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a rialaíonn seirbhísigh poiblí agus polaitíocht.

Tabhair ar aird le do thoil;

Mar Fhostóir Rogha tá go leor polasaithe oibre solúbtha agus teaghlaigh ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna le haghaidh cianoibre. Tabhair ar aird, le do thoil, gur féidir le hiarrthóirí a n-éiríonn leo deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, ach tá sé sin faoi rogha an fhostóra agus déantar é a chinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaímid taifead i d'ainm, ina bhfuil go leor den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis den sórt sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

Má bhíonn aon cheist agat maidir le próiseáil do chuid sonraí, nó más mian leat iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig dataprotection@opr.ie.

Eolas ginearálta

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt ar aird go ndícháileofar iad as canbhasáil a dhéanamh. Ní bheidh an Oifig freagrach as aon chostais, lena n-áirítear costais taistil, a thabhaíonn iarratasóirí i ndáil lena n-iarratas ar an bpost seo.

Sa chás go ndiúltaíonn an duine a moladh lena cheapadh nó má thugann duine suas an ceapachán i ndiaidh glacadh leis nó má bhíonn aon fholúntas breise ann, féadfaidh an OPR, dá lánrogha féin, duine éigin eile a roghnú agus a mholadh don cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Tá an Oifig tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais faoi rún daingean.

Fógra Tábhachtach

Is ionann an méid sin roimhe seo agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gurb é an liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

Próiseas Comórtais

Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir iarratais a chur ar ríomhphost chuig oprjobs@ascension.ie faoin **14 Nollaig ag 5pm**.

Ba chóir d'iarrthóirí foirm iarratais chomhlánaithe agus litir chumhdaigh, mar dhoiciméid ar leith, a chur isteach i bhfoirm pdf, in aon ríomhphost amháin.

Tabhair ar aird, le do thoil, má fhágtar aon cheann nó aon chuid den dá dhoiciméad a iarrtar ar lár, mar a leagtar amach thuas, beidh an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

Eiseofar ríomhphost admhála maidir le gach iarratas a fhaightear (admhóidh an ríomhphost seo go bhfuarthas an t-iarratas ach ní dheimhneofar incháilitheacht ná eile). Mura bhfaigheann iarratasóir ríomhphost admhála laistigh de 3 lá oibre ón dáta ar cuireadh isteach é, ba cheart don iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig lena chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas.

Dáta Deiridh

Spríodháta le haghaidh iarratas: **14 Nollaig ag 5pm**.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh ar chúinse ar bith.

Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- gearrliostú iarrthóirí (ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas);
- agallamh iomaíoch;
- féadfar tástáil measúnaithe a dhéanamh;

Tabhair ar aird, le do thoil, go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a thabharfar d'iarrthóir rathúil faoi réir na nithe seo a leanas a bheith sásúil:

- Fíorú moltóirí;
- Dearbhú liachta réamhghostaíochta.

Gearrliostú

Déanfaidh an Oifig próiseas gearrliostaithe chun grúpa iarratasóirí a roghnú, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais a cuireadh isteach, a bhfuil an chuma orthu gurb iad na hiarratasóirí is oiriúnaí agus is cáilithe don phost.

Scrúdóidh painéal saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcoinne critéar comhaontaithe gearrliostaithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Féadfar na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianaithe a shonraítear don phost a áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le hiarratasóir atá sé cuntas cruinn mionsonraithe a thabhairt ar a c(h)áilíochtaí/a t(h)aithí ina (h)iarratas.

Agallaimh

Meastar go réachtálfar na hagallaimh don phost seo i mí na Eanáir 2023. Déanfar na hagallaimh a leathstruchtú i bhformáid ina n-iarrfar ar na hiarrthóirí samplaí a thabhairt de na **hinniúlachtaí don ról mar atá mínithe in Aguisín**. Déanfaimid ár ndícheall an oiread fógra agus is féidir a thabhairt faoi dhátaí an agallaimh.


Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh, de réir mar a bheidh sceidealta, nó nach gcuireann fianaise ar fáil de réir mar a éilítear maidir le haon ní a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh aon éileamh eile acu ar an bpróiseas seo.

D'fhéadfaí painéal iarrthóirí rathúla a chruthú.

Moltóirí

Ba cheart d'iarrthóirí tosú ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha a d'fhéadfaimis dul i gcomhairle leo. Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha san áireamh ach ba chóir go mbeidís in ann teistiméireacht a sholáthar duit. Ní dhéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin má bhíonn tú á mbreithniú againn i ndiaidh chéim an agallaimh. Tabhair ar aird, má éiríonn leat sa chomórtas seo, beidh teistiméireacht ó d'fhostóir reatha ag teastáil uainn.

Aguisín 1: Inniúlachtaí



Inniúlachtaí do Leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin

Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

Daoine a Bhainistiú	Téann an duine i gcomhairle leis an bhfoireann agus spreagann an duine an fhoireann chun a bheith iomlán páirteach trí chomhráite fiúntacha faoi cheisteanna oibre a spreagadh
	Éiríonn leis an duine an leas is fearr a bhaint as daoine agus as an bhfoireann, oibríonn siad leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, agus tugann siad faoi cheisteanna faoi fheidhmíocht má tharlaíonn siad
	Tá meas ag an duine ar agus tugann siad tacaíocht maidir le daoine eile agus maidir leis an bhfoireann a fhorbairt
	Spreagann agus tugann an duine tacaíocht do bhealaí oibre nua agus níos éifeachtaí
	Déileálann an duine le teannas san fhoireann ar bhealach cruthaitheach
	Spreagann, éisteann agus déanann an duine beart ar aiseolas ón bhfoireann chun feabhas a chur i bhfeidhm
	Roineann an duine eolas agus saineolas chun cabhrú leis an bhfoireann a spriocanna a bhaint amach
Anailís agus Cinntí a Dhéanamh	Déileálann an duine go héifeachtach le réimse leathan foinsí eolais, fiosraíonn an duine gach ceist ábhartha
	Tuigeann an duine impleachtaí praiticiúla eolais maidir leis an gcomhthéacs i gcoitinne ina n-oibríonn siad - cur chuige, spriocanna rannóige srl.
	Aithníonn agus tuigeann an duine na ceisteanna agus na treochoí tábhachtacha
	Baineann an duine an chiall cheart as eolas uimhriúil, déanann an duine áirimh chruinne uimhriúla
	Déanann an duine measúnú cruinn agus déanann siad moltaí cothroma agus cuí trí thacaíocht ó fhianaise
Torthaí a Sholáthar	Tugann an duine faoi obair agus cinntíonn siad go gcomhlíontar an obair i gceart
	Tá an duine loighciúil agus stuama faoi chur chuige, socraíonn an duine spriocanna agus baineann siad na torthaí is fearr amach leis na háiseanna atá ar fáil trí thascanna agus acmhainní a chur in ord tosaíochta
	Scrúdaíonn an duine na modhanna oibre reatha chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach
	Déanann an duine meastachán cruinn ama maidir le tionscadail agus déanann an duine plean chun déileáil le fadhbanna
	Laghdaíonn an duine botúin, déanann an duine athbhreithniú ar fhoghlaim agus cinntíonn an duine go gcuirtear réiteach i bhfeidhm
	Déanann an duine cinnte de go ndéanann a f(h)oireann féin a dícheall chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach
	Cinntíonn an duine go bhfuil modhanna/prótacail/próisis athbhreithnithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhís a sholáthar
Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Athraíonn an duine an tslí chumarsáide le bheith in oiriúint don chás ar leith / don lucht éisteachta
	Éisteann an duine go gníomhach le tuairimí dhaoine eile
	Oibríonn an duine i gcomhar le grúpaí eile chun comhoibriú a bhaint amach
	Pléann an duine an cheist más gá, chun toradh sásúil a bhaint amach
	Dírthe ar dhéileáil le custaiméirí go héifeachtach, go héifeachtúil agus le hurraim
	Tá an duine ceannasach agus gairmiúil agus iad ag déileáil le ceisteanna deacra

	Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir agus go gonta le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh
Eolas Speisialtacha Saineolas agus Féinforbairt	Léiríonn an duine sárscileanna/sáreolas ina réimse féin agus tugann an duine treoir do chomhghleacaithe
	Tá tuiscint shoiléir ag an duine ar an a ról, ar chuspóirí agus ar spriocanna agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad san aonad agus sa Roinn/Eagraíocht agus cuireann siad é seo in iúl go soiléir don fhoireann
	Taispeánann an duine an tslí, léiríonn siad an tábhacht a bhaineann le forbairt trí am a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí forbartha dóibh féin agus don fhoireann
Díograis agus Tiomantas do Chaighdeán na Seirbhíse Poiblí	Tiomanta don ról, i gcónaí ag iarraidh caighdeán ard a bhaint amach
	Léiríonn an duine solúbthacht agus oscailteacht maidir le hathrú
	Tá teacht aniar sa duine agus coinníonn siad leis in ainneoin deacrachtaí
	Cinntíonn an duine go ndírítear ar sheirbhís do chustaiméirí óna t(h)aobh féin agus ó thaobh na foirne de
	Tá an duine ionraic agus is féidir brath orthu
	Feidhmíonn an duine go hionraic agus spreagann siad daoine eile chun an rud céanna a dhéanamh

Aguisín 2: Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar incháilitheacht

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

- A bheith ina saoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
- A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- A bheith ina saoránach neamh-LEE atá ina céile nó leanbh de chuid saoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa 4 stampa aige; nó
- A bheidh ina dhuine ar a mbronntar cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- A bheith ina saoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir ar leanbh cleithiúnach ar saoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis é agus a bhfuil cónaí air i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

Chun cáiliú, ní mór d'Iarrthóirí ceann amháin de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Thug litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifig Pearsanra isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí.

Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí eile (mar a

shainmhíntear san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 -2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a gcuirfear deireadh leis an bhfostaíocht.

Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-ícháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-ícháilitheachta).

[Scéim Dreasaigh um Luathscor \(ISER\)](#)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasaigh um Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go gcuirtear cosc ar dhaoine atá ag dul ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine atá ar scor iarratas a dhéanamh fad is atá na srianta thuas i bhfeidhm.

[Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí \(7/2010\)](#)

I gCiorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach Scéim Dhírithé um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal athfhostaithe san earnáil sláinte poiblí nó sa tseirbhís poiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna ar athfhostú i bhfeidhm faoin VRS, ach amháin go maireann an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh abheith rathúil sa chomórtas seo a n-ícháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-ícháilitheachta).

[An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil \(Ciorclán LG\(P\) 06/2013\)](#)

Thug Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach Scéim Iomarcaíochta Deonach d'Údarais Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, is coinníoll sonrach den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna shainmhíniú sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

[Dearbhú](#)

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhu cibé ar bhain siad leas roimhe seo as Scéim Seirbhíse Poiblí Luathscoir Dreasaigh agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann a leagtar amach thuas. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí i leith sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) a dhearbhu ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó i gcás ina bhfuair siad íocaíocht in aisce i leith seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.